

Miontuairiscí an Bhoird Iniúcháireachta

Dáta: 4 Aibreán 2025

Suíomh: Sráid an Mhéara

Ag an gcruinniú: Seamus McCarthy, ARC&C (Cathaoirleach)
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúcháireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Mitchell McIntyre, Leas-Stiúrthóir, rúnaí an Choiste Iniúcháireachta

1. Socrú an chláir oibre

Socraíodh an dréacht-chlár oibre.

2. Breacadh síos aon choimhlinte leasa

Níor tuairiscíodh aon choimhlint leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo, cúrsaí atá ag teacht aníos agus liosta gnímh

Comhaontaíodh miontuairiscí an chruinnithe an 6 Nollaig 2024 agus faomhadh iad le foilsiú ar inlín na hOifige agus ar an suíomh gréasáin.

Rinneadh athbhreithniú ar an liosta gnímh agus pléadh é.

- Bhreac an Bord síos an dul chun cinn a rinneadh sa tionscadal chun athbhreithniú cáilíochta a dhéanamh ar gach achoimre reachtaíochta a cuireadh le chéile don bhunachar sonraí achoimre reachtaíochta. Chomhaontaigh an Bord iniúchadh a dhéanamh ar impleachtaí na Saorála Faisnéise a bhaineann leis an mbunachar sonraí a chur ar fáil do Thithe an Oireachtais.
- Thug an Bord dá aire gur cuireadh i gcrích athbhreithniú ar phróiseas críochnaithe an chuntais leithreasa agus gur tugadh cead ábhar a fhoilsiú chun breithniú a dhéanamh ar chásanna nuair nach mbíonn príomhtheagmhálaí ar fáil gan choinne. Dúnadh an pointe gnímh seo.

4. Baol atá ag Teacht Chun Cinn

Thug an Bord dá aire rochtain ar fhaisnéis maidir leis an iarratas comhshaoil i dtaca le caibidil 18 *Fáltais cánach carbóin a riar* ó Thuarascáil ARC&C maidir le cuntais na seirbhísí poiblí 2023. Tarraingítear ceisteanna úrnua anuas leis sin maidir le rochtain ar pháipéir oibre iniúcháireachta agus scrúdaithe agus tá comhairle dlí á lorg maidir leis sin.

5. Clár iniúcháireachta airgeadais (páipéar A)

Thug an Bord dá aire an páipéar, inar tuairiscíodh an toradh a bhí ar thrí sprioc PTF um iniúcháireacht airgeadais de chuid na hOifige don bhliain 2024.

- Deimhníodh 97% de na cuntais, arna dtomhas de réir an láimhdeachais, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 95%.
- Deimhníodh 71% de na cuntais, arna dtomhas de réir na huimhreach, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 70%.
- Bhí ceithre chuntas deireadh bliana 2023 i riaráiste ag deireadh 2024, i gcomparáid leis an sprioc de 29 nó níos lú.

Phléigh an Bord stádas gach iniúchta i riaráiste. Deimhníodh ceann amháin de na cuntais agus tá na riaráistí eile beagnach socraithe.

D'iarr an Bord go mbeadh blianta comparáideacha breise sna leaganacha den pháipéar amach anseo.

6. Clár iniúcháireachta feidhmíochta

Nuashonrú ar an iniúcháireacht feidhmíochta (páipéar B)

Thug an Bord dá aire stádas na dtuairiscí speisialta leanúnacha. Luaigh Stiúrthóir na hIniúcháireachta Feidhmíochta freisin an deais lena dtugtar stádas caibidlí don Tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí 2024.

Clúdach iniúcháireachta feidhmíochta de réir earnála (páipéar C)

Thug an Bord dá aire an páipéar ina ndéantar comparáid idir toradh na hiniúcháireachta feidhmíochta le linn na tréimhse 2021 go 2024 agus minicíocht ionchasach an chlúdaigh tuairiscithe d'earnálacha aonair atá faoi réir a n-iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Luadh go meastar go mbeidh dhá thuarascáil ann in aghaidh na bliana maidir leis an Oideachas – san earnáil réamh-thrú leibhéal. Mar sin féin, rinneadh cinneadh iniúchadh amháin a dhéanamh le haghaidh na hearnála in 2024, nuair a thionóil comhaltaí an bhoird iniúcháireachta le chéile i mí na Nollag 2024 chun ábhair thuarascáil bhliantúil 2024 a roghnú.

7. Iniúchtaí nua/iniúchtaí deiridh (páipéar D)

Phléigh an Bord an páipéar agus aontaíodh na hathruithe a cuireadh i láthair a chur i bhfeidhm. Thug na Stiúrthóirí an scéal is deireanaí maidir leis an 'gcéad tréimhse chuntasaíochta' agus 'an stádas iniúchta' do roinnt iniúchtaí nua agus iniúchtaí díscailte.

Aontaíodh na heintitis seo a leanas a bhaint ó liosta na n-iniúchtaí nua toisc gur bunaíodh na heintitis agus sannadh an fhoireann iniúcháireachta.

- Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann
- An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail
- Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta

Cuireadh iniúchtaí chuntais deiridh na gcomhlachtaí seo a leanas i gcrích, agus dá bharr sin baineadh ó na táblaí iad.

- Coláiste San Aingeal
- Fondúireacht Eolaíochta Éireann
- Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)

8. Nuashonrú ráithiúil an Oireachtais (páipéar E)

Thug an Bord an páipéar seo dá aire agus gur luadh roinnt tuarascálacha iniúchóireachta feidhmíochta de chuid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i ndíospóireachtaí sa Dáil.

9. Cuntas nochtuithe (páipéar F)

Phléigh an Bord an páipéar, ina leagtar amach sonraí achoimre na gcásanna nochtuithe atá oscailte faoi láthair agus iad siúd atá dúnta ón gcruinniú deireanach.

10. Tuarascáil gníomhaíochta idirnáisiúnta 2024 (páipéar G)

Thug an Bord an páipéar seo dá aire ina dtugtar breac-chuntas ar rannpháirtíocht na hOifige le comhlachtaí idirnáisiúnta agus comhghleacaithe i ndlínsí eile le linn 2024.

Thug an Bord dá aire freisin go raibh an Oifig mar chathaoirleach ar choiste Fhochoiste INTOSAI um Iniúchóireacht Airgeadais agus Cuntasaíocht maidir le caighdeán le haghaidh iniúchtaí nach bhfuil chomh casta sin agus d'iarr sé go gcuirfí é sin leis an bpáipéar.

11. Aon ghnó eile

Beidh an chéad chruinniú eile de chuid an Bhoird Iniúchóireachta ar siúl ar an Aoine, an 4 Iúil 2025.